Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Freagra Ar Fhreagróirí An Chomhairliúcháin

NA RIALÚCHÁIN IONTRÁLA DO SCOILEANNA

(Cásanna Eisceachtúla) 2010

Réamhrá

Ar an 18 Meán Fómhair 2009 d'fhoilsigh an Roinn Oideachais Na Rialúcháin Iontrála do Scoileanna (Cásanna Eisceachtúla) 2010 le haghaidh comhairliúcháin. Leis na rialúcháin seo bhí leabhrán comhairliúcháin agus tugadh cuireadh do fhreagróirí barúlacha a thabhairt ar an dá dhoiciméad.

De réir Alt 75 ní mór don Roinn aird chuí a bheith aici ar an ghá chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus aird a bheith aige ar an inmhianaitheacht atá ann dea-chaidrimh a chur chun cinn idir daoine ó chúlraí áirithe creidimh, daoine a bhfuil dearcadh éagsúil polaitiúil acu nó daoine ó chine éagsúil.

As siocair ná léirigh an scagthástáil comhionannais ar na rialúcháin impleachtaí móra/suntasacha le haghaidh comhionannas deiseanna, ná bearta ar bith sa bhreise le dea-chaidrimh a chur chun cinn, measadh nach raibh Measúnacht Tionchair Chomhionannais (EQIA) ag teastáil uathu. Mar chuid den chomhairliúchán chuir an Roinn fáilte roimh thuairimí ar an scagdhoiciméad um Chomhionannas agus Cearta Daonna a bhain leis na rialúcháin.

Fógraíodh an comhairliúchán sna meáin, agus tugadh cuireadh do bhaill den Roinn Oideachais; de na Cúig Bhord Leabharlainne agus Oideachais (ELBanna); de Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS); den Chomhairle um Oideachas Imeasctha; de Chomhairle na Gaelscolaíochta (CnaG); do gach scoil; agus do gheallshealbhóirí comhionannais agus cearta daonna, tugadh cuireadh dóibh tuairimí a chur isteach. Faoin spriocdháta ar an 14 Deireadh Fómhair bhí 16 fhreagra ar an chomhairliúchán seo faighte ag an Roinn. Tá liosta na n-eagraíochtaí a thug freagra faoi iamh ag Iarscríbhinn A.

Léiríonn an doiciméad seo freagra na Roinne ar na príomhcheisteanna agus na príomhiarratais a thóg freagróirí an chomhairliúcháin. Comhlánaíonn doiciméad na Roinne 'Tuarascáil ar na Freagraí ar an Chomhairliúchán faoi na Rialúcháin Iontrála do Scoileanna (Cásanna Eiseachtúla) 2010' an doiciméad seo agus míníonn sé an scéal mar atá maidir leis na rialúcháin.

Achoimre ar na Príomhcheisteanna a Fuarthas

Thóg freagróirí roinnt ceisteanna agus iarratais maidir leis an Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla agus rialúcháin. Tá achoimre orthu i bhfoirm na naoi gceist déag seo a leanas agus tá freagraí na Roinne i ngach cás thíos;

1. C An mbeidh go leor acmhainní ag Foras na gCásanna Eisceachtúla le plé a dhéanamh ar líon mór cásanna?

   F A oiread agus is féidir, cinnteoidh an Roinn go mbíonn go leor acmhainní an an Fhoras seo.

2. C Cad é mar a bhunóidh an Roinn na leibhéil de shaineolas atá de dhíth sna Painéil? Nach gceapfaidh an Roinn ach 'daoine gairmiúla cáilithe'?

F Soiléireoidh an próiseas ceapacháin an réimse scileanna agus saineolais a bheidh de dhíth ar an Fhoras. Ní bheidh cúlra gairmiúil ag gach ball ach beidh na scileanna riachtanacha agus an cúlra cuí ag gach ball ionas go mbeidh siad in ann cinntí a dhéanamh faoi na cásanna atá rompu. Is sampla é seo a leanas do na daoine aonair a d'fhéadfadh a bheith ann ach níl sé teoranta do na daoine seo amháin; múinteoirí; oibrithe sóisialta; daoine aonair a bhfuil saineolas acu in iontrálacha scoileanna; daoine aonair a bhfuil saineolas acu maidir le daltaí le riachtanais bhreise oideachais; cleachtóirí leighis mar shampla síceolaithe nó péidiatraithe.

3. C Cad chuige nach bhfuil aon spriocdháta le haghaidh iarratais ó thuismitheoirí chuig an Fhoras? Arbh fhéidir nach mbeadh an sprioc de cheithre seachtaine ó iarratas go héisteacht inbhainte amach mar gheall ar iarratais ar eolas breise?

F Níl aon sprioc le haghaidh iarratais ó thuismitheoirí chuig an Fhoras ar an ábhar go ndeir an bhunreachtaíocht go simplí gur 'féidir' le tuismitheoirí iarratas a chur isteach chuig an Fhoras ach nach sainíonn sé an uair ar chóir dó seo tarlú. Ní féidir leis an Fhoras srian a chur ar cumas tuismitheora a cheart dlíthiúil chun iarratas a dhéanamh ar an dóigh seo a chomhlíonadh. Déanann na rialúcháin soiléir gur féidir go n-éileoidh an Painéal ar thuismitheoirí eolas cuí a chur ar fáil taobh istigh d'am sainithe. Ciallaíonn sé seo sa chuid is mó de chásanna gur chóir sprioc an Phainéil leis an eolas a chur isteach a chomhlíonadh. Maíonn na rialúcháin fosta, áfach, gur chóir don éisteacht a bheith ann laistigh de cheithre seachtaine ó iarratas an tuismitheora nó ***chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin***. Ligeann sé seo don Fhoras an éisteacht a shocrú i ndiaidh na sprice de cheithre seachtaine a bheith thart, má bhíonn sé de dhíth.

4. C Cad chuige nach mbíonn réamhéisteacht neamhfhoirmiúil ann a dhéanfadh cásanna a scagadh ar léir nach bhfuil eisceachtúil ionas nach mbeadh obair in aisce ann?

F Éilíonn an bhunreachtaíocht go mbeidh ***gach*** iarratas a fhaightear ó thuismitheoir faoi réir 'éisteacht' agus dá bhrí sin ní féidir dhá leibhéal d'éisteacht a bheith ann - foirmiúil agus neamhfhoirmiúil - le haghaidh cásanna áirithe. Ní mór éisteacht le gach cás ar an dóigh chéanna.

5. C An mbeidh fianaise scríofa de dhíth le tacú le gach iarratas lena léiriú gur cuireadh iarratas isteach chuig an scoil i gceist agus gur diúltaíodh dó?

F Cé go mbeadh fianaise scríofa gur dhiúltaigh an scoil don iarratas ón dalta atá i gceist úsáideach agus inmholta ní bheidh sé riachtanach. Mar atá le C.3., tá sé tábhachtach nach mbíonn srian le ceart tuismitheora iarratas a chur isteach chuig an Fhoras le haghaidh treorach. Beidh, áfach, ról ann le haghaidh na seirbhísí rúnaíochta ag tacú leis an nós imeachta lena chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh orthu ag an eolas atá de dhíth air.

6. C Cad é an réasúnaíocht le haghaidh iarratais bhunscoile a fhágáil as an áireamh?

F Ba chuid den athbhreithniú ar na socruithe iontrála iarbhunscoile é breithniúchán ar an ghá le haghaidh Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla agus ba mholadh de chuid Thuarascáil Costello é bunú an Phróisis. Ní dhearnadh athbhreithniú ar na socruithe iontrála bunscoile ag an am.

7. C Cad é mar a luíonn an Próiseas um Chásanna Eisceachtúla le Próiseas Gearán Airteagal 101 atá á riar ag an Roinn agus ag An Bhinse Neamhspleách Achomhairc ar Iontrálacha a eagraíonn na Boird Oideachais agus Leabharlainne?

F Tá an Próiseas um Chásanna Eisceachtúla go hiomlán leithleach ach comhthreomhar leis an dá phróiseas seo:

- Is féidir le tuismitheoirí gearán a dhéanamh leis an Roinn nuair a dhiúltaíonn scoil ina bhfuil áiteanna ar fáil iontráil do leanbh ar an ábhar go mbeidh an iontráil sin "prejudicial to the efficient use of resources".

- Is féidir le tuismitheoirí gearán a dhéanamh le Binse Neamhspleách Achomhairc ar Iontrálacha maidir le hiarratas chuig scoil nár éirigh leis. Níl sé de chumhacht ag an Bhinse sin ach seasamh le hachomhairc agus iontráil dhíreach nuair a dhéanann scoileanna earráidí agus á gcritéar iontrála á bhunú acu: má bhunaíonn sé nár chuir scoil a critéar iontrála i bhfeidhm mar is ceart ar dhóigh a sheachain iontráil d'achomharcóir.

- Beidh tuismitheoirí in ann iarratas a chur chuig Foras na gCásanna Eisceachtúla mura éirigh leo iontráil a fháil dá leanbh chuig scoil ach má shíleann siad go bhfuil iontráil de dhíth mar gheall ar a gcásanna eisceachtúla.

Beidh sé de cheart ag tuismitheoirí iarratas a chur chuig na feidhmeanna achomhairc uile a bhaineann lena gcásanna faoi leith.

8. C Má éiríonn le líon mór daltaí ina gcuid iarratas chuig Foras na gCásanna Eisceachtúla, agus go ligtear na daltaí sin isteach in áiteanna breise i scoileanna, nach cinnte go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar an chóras agus go gcruthófar deacrachtaí breise do na scoileanna i gceist?

F Níl aon amhras má éiríonn le líon mór daltaí ina gcuid iarratas chuig Foras na gCásanna Eisceachtúla go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar an chóras. Is é seo an fáth ar chuir an Roinn béim arís agus arís eile ar an ghá lena chinntiú nach n-éiríonn ach le cásanna atá fíoreiseachtúil. Níor chóir go mbeadh ach líon fíorbheag daltaí i gceist leis seo. Tá an Roinn ag coinne leis go mb'fhéidir go gcuirfidh líon mór daltaí iarratas chuig an Fhoras ach, trí shainmhíniú, nach n-éireoidh ach le cásanna eisceachtúla.

9. C Má éiríonn le tuismitheoir Cás Eisceachtúil a dhéanamh leis an Fhoras agus má ordaíonn an Foras don scoil i gceist dalta a ligean isteach an gcuirfear cúiteamh iompair ar fáil?

F Glacfar leis sa chuid is mó de chásanna go gcuirfear cúiteamh iompair ar fáil.

10. C Cad é mar atá An Próiseas um Chásanna Eisceachtúla cosúil/éagosúil leis an Phróiseas stairiúil um Chásanna Speisialta?

F Níl aon bhaint idir an dá phróiseas seo. Próiseas ba ea An Próiseas um Chásanna Speisialta trína raibh tuismitheoirí in ann (go dtí Aistriú 2009,) cás a dhéanamh de go ndeachaigh cásanna diúltacha nach raibh smacht acu orthu i bhfeidhm ar thoradh a linbh sa Teist Aistrithe agus go raibh siad i bhfeidhm le linn thréimhse na teiste. D'amharc Bord Gobharnóirí na scoileanna gramadaí ar na hiarratais seo, rinne cinneadh faoinar chóir uasghrádú barúlach a chur i bhfeidhm do gach leanbh, agus lean ar aghaidh lena gcritéar iontrála a chur i bhfeidhm dó na daltaí uasghrádaithe (nó a mhalairt) ar an ghnáthdhóigh. Ní choinníonn an Roinn eolas ar bith maidir leis na cásanna seo ar an ábhar gurbh iad Boird Ghobharnóirí na scoileanna gramadaí i gceist a d'amharc orthu. Má, ó Aistriú 2010 ar aghaidh, leanann scoileanna gramadaí de phróiseas um chásanna speisialta a úsáid, beidh an próiseas go hiomlán leithleach ó agus ní bhainfidh sé leis an Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla.

Ní bhaineann an Próiseas um Chásanna Eiseachtúla ar bhealach ar bith le cumas acadúil an linbh ná le rogha tuismitheora faoin chineál oideachais atá ar fáil i scoil faoi leith. Ní próiseas é a bhaineann le rogha, ach go léiríonn sé **riachtanas iomlán an linbh freastal ar scoil faoi leith agus scoil amháin faoi leith**. Is é an aidhm atá leis an Phróiseas le freastal a dhéanamh ar riachtanais leanaí nach raibh an córas in ann freastal a dhéanamh orthu roimhe, mar shampla; leanaí a dtugann údarás aire dóibh ach nach bhfuil ráiteasaithe, leanaí ar tugadh mí-úsáid ghnéasach dóibh, leanaí a bhfuil deacrachtaí faoi leith leighis acu ach nach bhfuil ráiteasaithe, leanaí atá ina gcónaí faoi fhíorchásanna teaghlaigh; mar shampla bás tuismitheora, leanaí a bhfuil mórshuaitheadh acu nó leanaí ar iarrthóirí tearmainn neamhthionlactha iad.

11. C Cad chuige ar shainmhínigh na rialúcháin cásanna eisceachtúla ar an dóigh seo?

F I measc na gcineálacha cásanna a d'fhéadfadh a bheith san áireamh tá, trína nádúr féin, chomh éagsúil agus chomh líonmhar go mbeadh siad dodhéanta iad a liostú go huileghabhálach. Dá liostófaí tuilleadh roghanna is amhlaidh go laghdófar discréid bhaill gach Painéil a éisteann le hiarratais. Ní bheidh ach rud amháin i gcoitinne ag iarratasóirí a n-éiríonn leo; beidh sé léirithe acu go bhfuil riachtanas eisceachtúil acu freastal ar scoil faoi leith agus ar scoil amháin faoi leith. Beidh cás an linbh cloiste ag an Fhoras agus beidh úsáid bainte acu as a chuid discréide le haontú go bhfuil na cásanna ar cuireadh síos orthu go hiomlán eisceachtúil, agus ordóidh sé, mar Fhoras, don scoil i gceist an leanbh a ligean isteach. Ar an dóigh seo ligfear leanbh isteach nach raibh in ann iontráil a fháil chuig an scoil trí chur i bhfeidhm chritéar na scoile ar bhonn breise.

Tá na rialúcháin scríofa ar bhealach a chuirfidh creatlach chinnteoireachta ar fáil le haghaidh bhaill an Fhoras i dtéarmaí na gcineálacha cásanna a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí a bheith eisceachtúil ach níl na samplaí seo in ainm is a bheith uileghabhálach. I bhfocail eile, mura mbíonn sampla liostaithe sna rialúcháin ní hionann sin agus a rá nach bhféadfaí amharc ar an chás mar eisceachtúil. I ndeireadh na dála, is ar bhaill an Fhorais a thitfidh sé cinneadh a dhéanamh le linn gach éisteachta an féidir amharc ar chás mar eisceachtúil nó nach féidir.

12. C Cad é an chiall atá leis an fhrása 'gnáthbhealach aistrithe'? Cad chuige an gcaithfidh leanbh iarratas a chur isteach chuig an scoil atá i gceist ar dtús agus diúltú iontrála a fháil sula gcuirtear iarratas isteach chuig Foras na gCásanna Eiseachtúla?

F Ciallaíonn "Gnáthbhealach aistrithe" an próiseas bliantúil trína gcuireann leanaí bhliain 7 nach bhfuil Ráiteas Riachtanas Speisialta Oideachais acu iarratas isteach chuig iarbhunscoileanna in ord tosaíochta. Má bhíonn an t-iarratas sin chuig scoil atá ró-shuibscríofa le hiarratais, cinnteoidh an scoil sin faoi na daltaí atá le ligean isteach a fhad lena líon iontrálacha trína critéar foilsithe iontrála a chur i bhfeidhm.

Sula féidir leis an Fhoras ordú a dhéanamh (mar fhreagra ar iarratas) go gcaithfidh scoil faoi leith dalta a ligean isteach, is ciallmhaire do chách go spíonfar an bealach is dírí iontrála (iarratas chuig an scoil). Ní ciallmhar don Fhoras orduithe a dhéanamh ná gan orduithe a dhéanamh maidir le hiarratais a tharlódh mar gheall ar iarratas simplí chuig an scoil. Faigheann beagnach 88% de dhaltaí áit sa scoil ar chéad rogha acu í cheana féin. Más amhlaidh go bhfaighidh beagnach gach dalta a chaithfidh freastal a dhéanamh ar iarbhunscoil faoi leith mar gheall ar a gcuid cásanna áit sa scoil sin tríd an bhealach dhíreach, is ciallmhar go ndéanfar é seo roimh agus saor ón Mhodh na gCásanna Eisceachtúla.

Níor chóir do thuismitheoir ar bith tarraingt as an ghnáth-Mhodh Aistrithe ar an ábhar go bhfuil súil acu go n-éireoidh lena n-iarratas faoi Chásanna Eisceachtúla. Is dócha nach n-éireoidh le ach líon fíorbheag de chásanna agus má tharraing dalta as an Mhodh Aistrithe ní bheidh áit acu ag deireadh an Mhodha agus ní bheidh siad ann ach áit a fháil i scoil a bhfuil áiteanna fágtha aici ag deireadh an phróisis.

Cuirfear an t-eolas seo uile in iúl do gach tuismitheoir go mionsonraithe nuair a dhéanfar dlí de na rialúcháin. Luann Treoir le haghaidh Tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu i R7 faoin phróiseas Aistrithe 2010 an Próiseas um Chásanna Eisceachtúla agus luann sé ach go háirithe nach féidir iarratas a dhéanamh chuig an Fhoras go dtí i ndiaidh don leanbh áit a fháil sa scoil atá sonraithe. Má tá tuismitheoir ag déanamh iarratais iontrála dá leanbh chuig bliain 8 ar dhruidim an Mhodha Aistrithe, nó chuig bliainghrúpa ar bith eile, ba chóir dóibh an t-iarratas a dhéanamh chuig an scoil tríd an ghnáthbhealach a úsáid.

13. C An bhfaighidh leanaí a fhaigheann áit i scoileanna mar gheall ar ordú ó Fhoras na gCásanna Eisceachtúla maoiniú?

F Gheobhaidh na daltaí seo maoiniú ar an ghnáthbhealach.

14. C Cén dóigh an sainmhínítear an focal 'tuismitheoir'?

F De réir na rialúchán seo, mar atá i ngach reachtaíocht a bhaineann le hOideachas lena n-áirítear an méid a rialaíonn an modh aistrithe, an polasaí um chlárú oscailte agus socruithe iontrála, is ionann an sainmhíniú ar 'thuismitheoir' agus an méid atá luaite san Ordú Oideachais agus Leabharlainne 1986; 'áirítear le "tuismitheoir", maidir le leanbh nó le duine óg, caomhnóir agus gach duine a dhéanann caomhnóireacht ar an leanbh nó ar an duine óg'.

15. C An féidir leis an Roinn soiléireacht a dhéanamh ar chásanna ina bhféadfadh sé tarlú go n-éireodh le hiarratas cásanna eisceachtúla daltaí neamhráiteasaithe agus a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu?

F Mar a shoiléiríonn na rialúcháin, ní féidir amharc ar chásanna a bhaineann go hiomlán nó go príomha leis an chineál oideachais a chuireann scoil ar fáil mar eisceachtúil. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, nach dtiocfadh le leanbh neamhráiteasaithe a bhfuil deacracht sa léitheoireacht aige iarratas a chur isteach chuig an Fhoras le haghaidh orduithe go ligfear isteach i scoil áirithe é ar an ábhar go bhfuil acmhainní breise den scoth ag an scoil do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí sa léitheoireacht acu. Ní féidir leis an Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla dúbláil a dhéanamh ar an phróiseas atá ann cheana féin le haghaidh socrúchán daltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu. Dá mbeadh gá de chineál éigin eile, áfach, ag an leanbh chéanna, mar shampla, go bhfuil údarás ag tabhairt aire dó, go raibh siad díreach i ndiaidh dul le teaghlach nua altrama agus go raibh orthu freastal a dhéanamh ar an scoil ar fhreastal a gcomhaltaí uirthi, is féidir go n-amharcfaidh an Foras ar na cásanna seo mar Eiseachtúil agus go n-aontóidh sé ar ordú a thabhairt don scoil an dalta a ligean isteach. Is é an pointe is tábhachtaí ná go bhfuil an Próiseas um Chásanna Eisceachtúla ann lena chinntiú go ligtear do dhalta, **nach bhfuil bealach ar bith eile acu** le háit a fháil sa scoil **a gcaithfidh siad** freastal a dhéanamh uirthi, áit a fháil sna scoileanna seo. Díríonn an próiseas ráiteasaithe ar an méid a léiríonn riachtanais speisialta oideachais dhalta a ngá le freastal a dhéanamh ar scoil amháin faoi leith. Ní féidir leis an Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla dúbláil a dhéanamh air seo.

16. C An mbeidh uiríoll ann ón scoil ag an éisteacht?

F Maíonn na rialúcháin go mbeidh deis ag Bord Gobharnóirí na scoile uiríll scríofa a dhéanamh chuig an Phainéal nó a bheith i láthair roimpi le huiríll ó bhéal a dhéanamh.

17. C An mbeidh dalta a fhaigheann áit sa scoil ar ordú ó Fhoras na gCásanna Eisceachtúla sa bhreis le linn a ama sa scoil?

F Soiléiríonn Airteagal 16A den Ordú Oideachais 1997 (mar a leasaíodh ag Airteagal 29 den Ordú Oideachais 2006) go mbeidh daltaí a ligtear isteach ar an dóigh seo sa bhreis le linn an ama ar fad a mbeidh siad cláraithe sa scoil i gceist.

18. C Cad chuige nach n-amharctar ar cheisteanna bhaineann le hinfhaighteacht iompair, mar shampla i gcás daltaí a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe, mar eisceachtúil?

F Ní féidir amharc ar na cásanna seo mar eisceachtúil mar gheall ar líon mór na leanaí atá i gceist agus as siocair, mar a bhíonn le gach dalta agus má chomhlíonann siad an critéar cáilitheachta, go gcuirfear cúiteamh iompair ar fáil do gach dalta a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe.

19. C Cad chuige nach n-amharctar ar cheisteanna a bhaineann le mian tuismitheora go mbeidh oideachas trí mheán na Gaeilge ag leanbh mar eisceachtúil?

F Tá cásanna ag cuid mhór tuismitheoirí gur chóir dá leanbh oideachas a fháil i gcineál scoile a measann siad a bheith tábhachtach maidir le féiniúlacht a linbh. Déanann an Roinn iarracht na cásanna seo a shásamh trína chinntiú go mbíonn go leor soláthair ar fáil i ngach earnáil scoile agus, maidir le hearnáil an Ghaeloideachais, is tosaíocht phráinneach é seo. Is é sin an dóigh ar chóir do leanaí a bheith cinnte faoi áiteanna in earnáil an oideachais atá oiriúnach dóibh.

Roinn an Oideachais

2 Nollaig 2009

CHOMHAIRLIÚCHÁN FAOI NA RIALÚCHÁIN IONTRÁLA DO SCOILEANNA (CÁSANNA EISCEACHTÚLA) 2010 – INNÉACS FREAGRAÍ

Uimhir Freagartha Chomhairliúcháin	Ainm Freagróra
1	Gníomhaíocht Míchumais
2	An Chomhairle Theagaisc
3	Comhairle na Gaelscolaíochta
4	Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis
5	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirthuaiscirt
6	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt
7	Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
8	Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste
9	Comhairle Baile Bhaile Nua na hArda
10	Aontas Feirmeoirí Uladh
11	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt
12	Scoil na Mainistreach, An tIúr
13	Coimisinéir na Leanaí agus Daoine Óga
14	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
15	Scoil Ghramadaí Aontroma
16	Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach

Freagra Ar Fhreagróirí An Chomhairliúcháin

NA RIALÚCHÁIN IONTRÁLA DO SCOILEANNA (Cásanna Eisceachtúla) 2010